



Eleathanach 370



Dé Luain, an 18 Eanáir, 2021

Teachtaireachtaí deasa ar litreacha!

Barróg duitse ó Adam King



Bhí Adam King ar an *Late Late Toy Show* an mhí seo caite. Bhí teachtaireacht aige a thaitin go mór le gach duine. Bhí croí aige chun barróg fhíorúil a thabhairt do dhaoine toisc nach bhfuil cead ag daoine barróg a thabhairt dá chéile faoi láthair.

Chuir An Post teachtaireacht Adam ar na litreacha Nollag go léir agus tá barróg Adam ag dul timpeall na tíre agus an domhain ó shin.

Sa tSualainn, tá an córas poist chun Greta Thunberg a chur ar na stampaí. Is é Henning Trollback maisitheoir an stampa. Sa phictiúr tá Greta ina cóta báistí buí agus í ag féachaint ar éin ag eitilt sa spéir.

Beidh na milliúin stampa le Greta orthu ag dul timpeall an domhain. Díreoidh seo aird na ndaoine ar chúrsaí timpeallachta.



The Voice UK: an 10ú bliain den chlár

Tá an clár *The Voice UK* ar ais ar an teilifís ó thus na míosa. Tá na moltóirí - will.i.am, Tom Jones agus Olly Murs - ar an gclár arís i mbliana.

Níl Meghan Trainor ar an gclár ach tá an t-amhránaí Anne-Marie ann ina háit. Tá clú agus cáil ar Anne-Marie mar amhránaí agus bhuaigh sí a lán *Brit Awards*. Tá sí an-mhaith ag cearáité freisin agus tá crios dubh aici sa spórt sin.

Beidh 12 chlár sa tsraith, agus i mbliana, beidh cead ag gach moltóir bac a chur ar mholtóir eile. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh cead ag an moltóir, atá faoi bhac, duine eile a roghnú.

Bhuaigh amhránaí ó fhoireann Olly an comórtas anuraidh agus an bhliain roimhe sin. Seans go gcuirfidh na moltóirí eile bac air i mbliana.



Cuntar bia in Pompeii

Sa bhliain 79AD rinne bolcán a lán damáiste do Pompeii san Iodáil agus fuair na mílte duine bás ann.

Bíonn seandálaithe ag obair in Pompeii an t-am ar fad, ag iarraidh eolas a aimsiú faoi na daoine a bhí ina gcónaí ansin ag an am.

An mhí seo caite, nochtaigh siad cuntar bia agus ceapann siad gur stop daoine anseo chun bia a cheannach.

Is cosúil go raibh feolta éagsúla ar an mbiachlár.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscoláochta

